TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010

THE INCORPORATED ORTHOPAEDIC HOSPITAL OF IRELAND

www.ioh.ie

CÚLRA AN
OSPIDÉIL

Bhunaigh an Dr. Robert Lafayette Swan an tOspidéal Ortaipéideach agus íoclann sa bhliain 1876. Bhí sé lonnaithe ag 11 Oileán Usher ar Chéanna Bhaile Átha Cliath.

Ba é an speisialtóireacht a bhí aige ná máinliacht ortaipéideach, go háirithe coiréal a chur ar pháistí le sonraíochtaí ortaipéideacha broinne cosúil le cam reilige agus cromáin as alt. Sa bhliain 1883, mar gheall ar éileamh ardaithe na seirbhísí, bhog an t-ospidéal chuig dhá fhoirgneamh i Sráid Great Brunswick ar a dtugadh Óstán Hoods. D'ardaigh a cheapaíocht ó sé leaba go 35 leaba péidiatraiceacha.

Sa bhliain 1902, bhog an t-ospidéal chuig teach ag 22 Sráid Mhuirfean Uachtair, a bhí, ag an am, ceann de na tithe móra príobháideacha is mór i mBaile Átha Cliath, áit ina mbíodh Captaen Sheddon ina chónaí. Theastaigh ollathchóiriú iontas go mbeadh an foirgneamh in ann feidhmiú mar ospidéal le hobrádlann, seomra steirilithe, seomra ainéistéisigh agus áiseanna liachta agus neamh-liachta nua-aimseartha. Tar éis dó a bheith riochtaithe, bhí an t-ospidéal in ann glacadh le 75 othar péidiatraiceacha.

Bhog an t-ospidéal chuig an áit ina bhfuil sé anois ar Ascaill an Chaisleáin, Cluain Tarbh ar an 29 Meitheamh 1942, áit inar ardaigh líon na leapacha go 120 leaba. Sa bhliain 1972 d'athraigh an t-ospidéal ó ortaipéideacha péidiatraiceacha go hathshlánú ortaipéideach do dhaoine fásta le 104 leaba. Go luath sna 1990í cuireadh pleananna i bhfeidhm chun na bardaí a bhogadh ón bpríomhtheach chuig áis ospidéil ar ardchaighdeán. Cuireadh an foirgneamh ospidéil nua i gcrích sa bhliain 2009.

Faoi láthair tá 5 bharda le 160 leaba ar an iomlán, 128 acu atá in úsáid, ag an ospidéal. Tá an bealach isteach chuig an ospidéal anois ar Pháirc an Fhraoigh Dhuibh, díreach ó Ascaill an Chaisleáin, agus téann sé isteach chuig gairdíní cumaisc agus ar aghaidh go dtí bealach isteach mór, oscailte an ospidéil. Leanann an t-ospidéal ag speisialú in athshlánú ortaipéideach agus cuireann sé seirbhís leapa eatraimh do na pobail áitiúla. Datar leapacha do na hospidéil Mater Miseracordae agus Beaumont mar leapacha chúram athshlánaithe eatramhaigh.

CLÁR

Bord Gobharnóirí	02
Tuarascáil an Chathaoirligh	03
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	04
Tuarascáil an Stiúrthóra Altranais	06
Tuarascáil na Rannóige Cógaisíochta	08
Tuarascáil na Rannóige Fisiteiripe	09
Tuarascáil na Rannóige Lónadóireachta	11
Tuarascáil na Rannóige um Sheirbhísí Ginearálta	11
Tuarascáil na Rannóige um Obair Shóisialta	12
Tuarascáil na Rannóige um Theiripe Shaothair	14
Tuarascáil na Rannóige X-Ghathaithe	16
Tuarascáil na Rannóige um Sheirbhísí Míochaine	16
Aguisín 1 // Tuarascálacha Staidrimh	18
Aguisín 2 // Tuarascálacha Airgeadais	20

02 BORD GOBHARNÓIRÍ

Uachtarán
An Dr. F.J. O'Reilly

Cathaoirleach
An Breitheamh, T.C. Smith (go dtí Iúil 2010)
An Dr. Ciarán Craven (ó Iúil 2010)

Leaschathaoirleach
An tUas. Tony Condon (go dtí Iúil 2010)
An tUas. Charlie Scott (ó Iúil 2010)

Baill
Bn. Rosalind Andrews RIP (go Samh 2010)
Mary Barnard Uas.
Denise Brett Uas.
An tUas. John Cantwell (ó Ean 2010)
An tUas. Tony Condon –
(d'éirigh sé as Samh 2010)
An tUas. Cecil Geelan –
(d'éirigh sé as Meitheamh 2010)
Bn. Florence Hickson
Marcella Higgins Uas.
An tUas. Terence Horgan
An tUas. Niall Mulvihill –
(d'éirigh sé as Meitheamh 2010)
Ann Power Uas.
An tUas. John Rowden
An tUas. Les Sibbald
Elma Sweetman Uas.
An tUas. Brian Thornes
Bn. Rosemary Tierney

FOIREANN SHINSEARACH AN OSPIDÉIL

Príomhfheidhmeannach
Teresa Ayre Uas. (go Noll 2010)
Micheille Fanning Uas. (ó Noll 2010)

An Stiúrthóir Altranais
Lorna Nangle Uas.

Stiúrthóirí Altranais Cunta
Noreen Browne Uas.
Micheille Fanning Uas. (go Noll 2010)

Bainisteoir Airgeadais/Riaracháin
Bernie Saunders Uas.

Bainisteoir Fisiteiripe
Gráinne O'Hara Uas.

Oibrí Sóisialta Sinsearach
Imelda Morris Uas.
Carol O'Connor Uas. (ó Aibreán 2010)

Raideolaí
An Dr. Martina Morrin

Raideolaí Sinsearach
Gillian Rice Uas.

Cógaiseoir Sinsearach
Linda Murnane Uas.

Teiripeoir Saothair Shinsearaigh
An tUas. Frank D'Easaille-Sutcliffe
Aileen Murray Uas.

Oifigeach Lónadóireachta
Marie O'Gorman Uas.

Oifigeach na Seirbhísí Ginearálta
An tUas. Jorge Pereira

Lianna ar Cuairt
An Dr. Elisabeth Kronlage
An Dr. Ailish Leavy

Séiplínigh
An tUrr. M. Hastings
An tUrr. Derek Sargent
An tUrr. Conrad Hicks

Cúram Tréadach
An tUas. Cathal O'Sullivan

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Ba bhliain lán le forbairt agus le hathrú a bhí ann don ospidéal. Cuireadh an chuid deiridh den fhorbairt foirgnimh i gcrích i lár 2010 le dhá bharda nua, lena n-áirítear 64 leaba, ag ardú ceapaíocht an ospidéil go 160 leapa, agus tosaíodh ag baint úsáide as 128 acu i mí an Mheithimh. Reachtaíodh an oscailt oifigiúil ar an 30 Meitheamh 2010, ar a d'fheidhmigh An tUas. Seán Haughey T.D. agus ar a d'fhreastal ionadaithe áitiúla eile, cairde an Ospidéil, baill foirne agus Bord na nGobharnóirí.

Ag an gCruinniú Bliantúil, a reáchtáladh i mí Lúil, d'éirigh An Breitheamh T.C. Smyth as mar chathaoirleach ar Bhord na nGobharnóirí. Tá an-bhuíochas ag dul dó as a sheirbhís neamhchoigilte don ospidéal thar na blianta agus as a mhaoirseacht ar fhorbairt agus ar fhairsingiú deireanach an ospidéil, go sonrach.

Le linn na bliana, d'éirigh roinnt baill an Bhoird as: An tUas. Niall Mulvihill, An tUas. Cecil Geelan agus An tUas. Anthony Condon. Chimigh siad uile blianta fada de sheirbhís iontach do riarachán agus do rialúchán éifeachtach an ospidéil agus roinn siad a saineolas agus a gcomhairle linn uile. Don mhéid uile a chur siad isteach, thar thréimhse an-fhada, tá an-bhuíochas ag dul dóibh. Ar an taobh eile dó sin, bhí an Bord sásta fáilte a chur roimh bhall nua, An tUas. John Cantwell, i mí Eanáir 2010.

Ag deireadh na bliana 2010, d'éirigh an Phríomhfheidhmeannaigh (ón mbliain 2002), Teresa Ayres Uas., as agus ar son an Bhoird, agus ar mo shon féin, guím gach rath uirthi ina scor fada, taitneamhach. Leagann turraing agus éifeacht caillte bhaill foirne, ag deireadh na bliana 2010, trí scéim luathscoir dheonaigh/iomarcaíochta deonaí an Rialtais dúshláin ar leith roimh an ospidéal, ó thaobh chumraíocht agus sholáthar a sheirbhísí, agus is cinnte go mbeidh siad ina n-ábhar cainte agus oibre leanúnaí chomh maith le hathbhreithnithe le linn 2011.

Ar nóta dearfach, lean an t-ospidéal ag soláthar cúram agus coiréal ar na caighdeán is airde do gach othar a choinneodh sa bhliain 2010; mar is gnáth, bhí sé seo dírithe ar chuidiú leo caighdeán sláinte optamaim a bhaint amach agus cónaí neamhspleách a chur chun cinn. A bhuí le bainistíocht fheidhmitheach an ospidéil, baineadh é seo amach taobh istigh den bhuiséad leithdháilte.

Lean Coiste Iniúchta Chliniciúil, Coiste Iniúchta agus Coiste Eitice Liachta an Bhoird (agus leanann siad) ag obair gan staonadh d'fhonn rialachas cliniciúil agus corparáideach cheart an ospidéil a chinntiú. Ghlac Cairde an Ospidéil Ortaipéidigh Ionchorpraithe le Rialacha nua sa bhliain 2010 d'fhonn a chur ar a gcumas acu dul ar thóir a ngníomhaíochtaí ar maithe leis na hothair. Tá mé buíoch do gach ball de Bhord na nGobharnóirí as a dtiomantas leanúnach don ospidéal agus a ndíograis agus a n-obair chrua, neamhstaonach ar an mBord agus a gcoistí a ghlacann an-chuid ama. Ba cheart buíochas a ghabháil leis na Cairde dár dtoirbhirt leanúnach.

Ar deireadh, caithfear focal buíochas ar leith a ghabháil leis an bhfoireann agus le bainistíocht an ospidéil dár n-obair le linn na bliana, a dtiomantas do na hothair, mar atá le sonrú go smior ó na tuarascálacha míosúla de na Gobharnóirí ar chuairt, agus ar deireadh, don iarracht bhreise a theastaigh – agus a cuireadh ar fáil go sásta - ag an uair a d'oscail leapacha nua an ospidéil i mí Lúil 2010.

An Dr. Ciarán Craven
Cathaoirleach an Bhoird

04 TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Fáilte chuig Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh don bhliain 2010. Ar an 30 mí an Mheithimh, d'oscail an tAire um Fhoghlama Saoil, An tUas. Seán Haughey T.D. foirgneamh nua an ospidéil go hoifigiúil. I mí na Nollag, rinneadh athchóiriú ar na gairdíní agus cuireadh an dealbhóireacht "The Plane Tree" leis an ealaíontóir Elizabeth O'Kane sa phríomhchúirt. Chuir an dá ócáid seo críoch le tógáil nua an ospidéil.

Ar bhonn feidhmiúil dhírigh an Feidhmeannach ar an tseirbhís a leathnú amach agus fanacht taobh istigh dá bhuiséad. Tá áthas orm a thuairisciú gur bhaineadh é seo amach ar an dá leibhéal.

D'éirigh Teresa Ayre Uas., Príomhfheidhmeannach, ar an 30 Nollag tar éis d'ocht mbliana rathúla sa phost. Le linn an ama sin, rinneadh Ayres Uas. monatóireacht ar thógáil an ospidéil nua agus leathnú amach na seirbhísí go 128 leaba. Ba mhaith gach rath a ghuí uirthi ina scor agus don todhchaí.

Seirbhísí Cliniciúla

Gníomhaíocht Othair

I mí an Mheithimh, mhéadaigh oscailt cheathrú barda ceapaíocht leapa faoi 32, ag ardú líon iomláin na leapacha go 128. Sa bhliain 2010 ba é 1,909 líon na gcoinnithe, ardú de 17.5% ó 1575 sa bhliain 2009. Bhí gabháltas leapa ag 90%, ardú de 5% ar 2009. Ba é 20 lá meánfhad an chónaithe.

Cógaslann

Arís i mí an Mheithimh, bhog an cógaslann chuig a hionad nua ar urlár na talún le Rannóg Cógaslainne nua den chéad scoth.

Seirbhísí Ginearálta

Cuireadh tús le hobair ar sholáthar Chóras Bainistithe Naisc Soláthair agus Mórleabhair nua. Chaith an tUas. Coleman Kelly naoi mí san ospidéal ag stiúradh an tionscadail agus ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil leis as ucht na hoibre crua ar fad a bhain leis.

Gníomhaíocht Airgeadais

Tá áthas ar an ospidéal a fhógairt gur bhain sé soláthar seirbhísí amach taobh istigh den bhuiséad leithdháilte. Tuarascálacha Airgeadais aguisín 2.

Sláinte & Slándáil

Chinntigh an t-ospidéal géilliúlacht leis an Acht um Shláinte agus Slándáil 2005.

Sláinteachas Ospidéil

Fanann sláinteachas ina phríomhthosaíocht don ospidéal. Rinneadh iniúchadh sláinteachais rialta le linn na bliana, i gcomhréir leis an mBunlíne Náisiúnta Dréachta PCCC Sheirbhísí Sláinteachais PCCC. Tá áthas orm a thuairisciú gur thaifeadadh toradh iomláin de 90%.

Smacht Galraithe

D'fhan smacht galraithe mar chuid tábhachtach de chúram othair le linn 2010. Bhí titim de 1% i mbreathnóireacht MRSA, agus níor thuairiscíodh cás ar bith de Norovirus le linn 2010.

Mar chlabhsúr, ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le Bord na nGobharnóirí agus le Teresa Ayres Uas. as a dtacaíocht agus a gcúnamh i mo ról nua mar Phríomhfheidhmeannach.

Táim fíor-bhuíoch don fhoireann uile as a dtiomantas leanúnach cúram ar ardchaighdeán a sholáthar do na hothair uile agus iad féin a chur in oiriúint do na hathruithe a tháinig leis an mbliain 2010.

Guím gach rath ar Ann Furlong Uas. sa todhchaí, a d'éirigh as i mí na Nollag tar éis 39 bliain leis an ospidéal.

Michelle Fanning
Príomhfheidhmeannach

Sa phictiúr ó chlé go deas: 1 An Fhoireann Tionscadail agus Dearaidh, *an rang ar chúl:* Tom McConnell, John Meade, Eddie Egan, Tom McNamara, Denis McCarthy, Paul Ryan, Wilf Higgin, Peter Finnegan, Peter Duffy, *sa rang chun tosaigh:* An tAire Seán Haughey, Teresa Ayres, An Breitheamh T.C. Smyth, Mary Barnard, Les Sibbald, Des Fitzgerald, Ann Baldrey; Rogha pictiúr ón oscailt oifigiúil, 30 Meitheamh 2010, le haíonna speisialta, foireann agus baill an Bhoird.

06

TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA ALTRANAIS

Ba bhliain an-chorraitheach é 2010 don Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe. Ar an 31 Bealtaine d'oscail ár gceathrú barda, ag ardú líon na n-othar ó 96 go 128.

Cuireadh clár treoshuímh sheachtainiúil ar bun do gach ball foirne altranais sular osclaíodh na leapacha breise. Chinntigh sé seo go raibh an deis ag an bhfoireann nua taithí a fháil ar an ospidéal agus thug sé an deis dúinn an oiliúint riachtanach a theastaigh a sholáthar.

Ceapacháin Nua

Cuireann sé ríméad orainn fáilte a chur roimh gach ball foirne nua a thosaigh linn i mí Bealtaine 2010.

Ceapadh Claire Lawrie mar altra idirchaidrimh le hothair cúraim eatramhaigh. Tá sí freagrach as idirchaidreamh leis na géarospidéil chun coinnithe a shocrú. Chuidigh a ceapachán an tseirbhís seo a luathú.

Scortha

D'éirigh Catherine Coogan, Bainisteoir Altranais Chliniciúil 2 agus Altra Foirne Mary Costello as tar éis 19 bliain agus 20 bliain de sheirbhís, leith ar leith. Chuir siad go mór le cúram ár n-othar agus oideachas foirne sóisearaí. Ba mhaith leis an Rannóg Altranais gach rath a ghuí ar Chatherine agus ar Mhary ina gcuid scoir.

Foireann Ratha

Seo a leanas an fhoireann ag deireadh na bliana 2010:

Stiúrthóirí Altranais Cunta
Noreen Browne Uas.
Michelle Fanning Uas.

Bainisteoirí Altranais Cliniciúla 2
7.5 WTE

Bainisteoirí Altranais Cliniciúla 1
3.72 WTE

Altraí Foirne
31.99 WTE

Cúntóirí Cúraim Shláinte
54

Oideachas Leanúnach

Táimid fíor-bhuíoch don Ionad um Oideachas Altraí, Ospidéal Ollscoile Mhater Miseracordae as oideachas agus oiliúint a sholáthar dár bhfoireann altranais i gcannulation féithpholl agus idirfhéithe agus cothabháil PEG agus athrú tiúibe gastraí. Tá buíochas ag dul go Mary Day Uas., Stiúrthóir Altranais, Ospidéal Mater, as na cúrsaí seo a éascú.

Seo a leanas liosta de na laethanta staidéir, ceardlainne agus seimineáir eile ar a bhfreastalaíodh le linn na bliana:

- Iompar Othar agus Láimhseáil Manuaile
- Ath-aerú Cairdeaphulmainéara
- Cúrsa Preispitéireach
- Comhdháil Náisiúnta na nAltraí Ortaipéideacha
- Bainistíocht Dramhaíola
- Leithscaradh & Bainistíocht Slándála Dramhaíola Cliniciúla san Ospidéal
- Lá Staidéir Clostridium Difficile
- 'Beart Féaráilte' FSS

Tá comhghairdeas ag dul do na Cúntóirí Cúraim Shláinte seo a leanas ar a mbronnadh Teastas i dTacaíocht Cúraim Shláinte (FETAC):

Reina Balneg
Jhoana Canta
Sandra Gibson

Seachtainí 37.5 Uair d'Altraí

Cuireann sé áthas orm a thuairisciú gur chuireadh an tseachtain 37.5 uair i bhfeidhm ar an 31 Bealtaine, 2010 ar aon dul leis na díotha den Eagraíocht Náisiúnta um Churtha i bhFeidhm m.sh. **"ní mór an laghdú in uaireanta oibre a chur i bhfeidhm ar bhonn neodrach ó thaobh costais agus gan laghdú ar sheirbhís othar"** – (FSS EA 2007).

Cosc agus Smacht Galraithe

Déantar breathnóireacht ar ghalrú ar gach othar a atreoraítear ó na hOspidéil Múinteoireachta Acadúla Bhaile Átha Cliath.

Agus iad coinnithe, déantar iad a fhothainiú le haghaidh MRSA. Ba é ráta forleithne coilínithe 5% sa bhliain 2010; síos ó 6% sa bhliain 2009. Leanann oideachas ar aghaidh ag díriú ar sláinteachas láimhe do gach oibrí cúraim shláinte le cur i láthair do gach ball foirne nua go minic. Déantar iniúchadh ar nithe géara, ar spílí agus ar shláinteachas láimhe

ar bhonn leanúnach agus tuairiscítear iad chuig Coiste Sláinteachais an Ospidéil.

Tá Susan McGovern (Smacht Galraithe, CNM2) ina ball de Choiste Sláinteachais an Ospidéil, an Cumann um Chosc ar Ghalrú agus an Coiste um Chosc ar Ghalrú, Bhaile Átha Cliath Lár-Thuaidh, PCCC.

Idirchaidreamh le hOspidéil Atreoraithe

Coinníodh gar-idirchaidreamh lenár gcomhghleacaithe sna hospidéil atreoraithe agus imíodh staitisticí ábhartha orthu ar bhonn dé-bhliantúla ag imlíniú na rudaí seo a leanas:

1. Líon na n-othar coinnithe ó gach ospidéal.
2. Líon na n-othar a d'fhill ar gach ospidéal do choinní fo-othair.
3. Líon uaireanta a dhéanann an cláraitheoir ortaipéideach ó gach ospidéal babhtaí barda san ospidéal.

Tá cuairteanna ó chláraitheoirí an-tábhachtach mar tugann siad measúnú leanúnach ar ghortaithe othar agus cuireann siad tacaíocht liachta ar fáil don fhoireann ildhisiplíneach. Laghdaíonn athbhreithnithe leanúnach ar an bhfód an gá atá ann dár n-othair teacht ar ais chuig na clinicí fo-othar gnóthach sna géarospidéil.

Sa bhliain 2010, coinníodh 1,909 othar; dóibh siad, theastaigh ó 195 (10.2%) a bheith atreoraithe chuig an Roinn Éigeandála den ospidéal atreoraithe. Bhí ar an gcuid is mó de na hothair sin (84%) a bheith ath-choinnithe chuig an ngéarospidéal. Léiríonn Tábla 1 briseadh síos na n-uimhreacha sin.

Tábla 1

Líon iomlán na ndaoine a chuaigh ar ais chuig na géarospidéil	Athbhreith-nithe in A/E agus curtha ar ais chuig Cluain Tarbh	A theastaigh athchoinnigh uathu le haghaidh coiréal liachta	A theastaigh athchoin-nigh uathu le haghaidh cúram fadthéarma
195	31	137	27
	15.89%	70.25%	13.84%

Leapacha Cúraim Eatramhaigh

Tá an tseirbhís seo dírithe orthu sin atá tar éis an géarchuid dá gcoiréal a chur i gcrích agus atá **cláraithe mar ceart, go liachtúil, a bheith ligthe amach ón ngéarospidéal**.

Aistríodh 615 othar ar an iomlán chuig na hospidéil Beaumont, Connolly agus Mater le linn na bliana. Léiríonn Tábla 2 líon na gcoinnithe ó gach ospidéal, an ráta athchoinnithe chuig an ospidéal atreoraithe agus meánfhad an fhanachta.

Tábla 2

Ospidéal	Líon na gcoinnithe	Ráta na gcoinnithe	Meánfhad an choinnithe
Mater	296	8.44%	17.47 days
Beaumont	297	11.44%	17.8 days
Connolly	22	31.8%	16.1 days

Ní féidir leis an tseirbhís seo feidhmiú ach amháin le comhoibriú ár gcomhghleacaithe sna hospidéil atreoraithe agus le caidrimh mhacánta agus mhuiníneach le gach ball foirne den fhoireann ildhisiplíneach. Chun go mbeadh sé seo rathúil, tá sé ríthábhachtach go n-athghlacann an t-ospidéal atreoraithe leis na hothair nuair a theastaíonn cúraim liachta breise.

Séiplíneacht

Leanann an fhoireann séiplíneachta ag soláthar tacaíocht spioradálta agus tréadach do na hothair. Is cuid lárnach den chúram atáimid ag iarraidh a sholáthar. Tá an-luach ar obair na foirne do na hothair agus don fhoireann mar aon. Táimid an-bhuíoch do na ministirí Eocairiste a chuidíonn leis an Ath. Hastings maidin Domhnach.

Clabhsúr

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe altranais as a ndílseacht agus a dtacaíocht le linn na bliana imithe tharainn. Ba mhaith liom an deis seo a thapú a dtiomantas dá bpost agus cáilíocht an chúraim a sholáthraíonn siad dár n-othair a aithint. Táim an-bhródúil as an bhfoireann altranais agus an traidisiúin de cháilíocht an chúraim altranais a bhaineann le hOspidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe na hÉireann.

Lorna Nangle Uas.
An Stiúrthóir Altranais

TUARASCÁIL NA

08 RANNÓIGE CÓGAISÍOCHTA

Is é an misean atá againn ná cúram othair slándáil agus ar ardchaighdeán a sholáthar in atmaisféar proifisiúnta, a léiríonn meas agus cumarsáid éifeachtach. Tá an Rannóg Cógaisíochta tiomanta do thimpeallacht a chuireann úsáid slán, bhríoch agus éifeachtach ó thaobh costais de de chógas a chur chun cinn.

Sa bhliain 2010 bhí go leor dul chun cinn déanta sa Rannóg Cógaisíochta. I mí an Mheithimh, bhog an chógaslann ó oifig bheag thuas staighre sa seanfhoirgneamh, go dtí an áit ina raibh an bialann thíos staighre. Is éard atá sa chógaslann nua ná oifig agus áit íoclainne le haonad oileáin lárnaigh. Tá an córas seilfeanna déanta ag Syntek agus soláthraíonn sé fáil agus feiceálacht éasca de chógas ar sheilfeanna fána. Tá an chógaslann an-gheal agus tá neart spáis ann, rud a chiallaíonn go bhfuil sé an-deas a bheith ag obair ann.

Cuirimid fáilte roimh Niamh Ruane, Cógaiseoir Sinsearach chuig an Rannóg Cógaisíochta. Tháinig Niamh ón gcógaslann in ospidéal an Mhater áit inar oibrigh sí ar feadh ceithre bliana agus tá taithí éagsúil aici de bheith ag obair san íoclann, mar chógaiseoir cliniciúil freisin ar na bardaí agus san aonad imshocruithe aiseiptigh agus eolas cógais. Chríochnaigh sí a MA i mBainistíocht Chúram Sláinte leis an Institiúid um Riarachán Poiblí go luath tar éis di teacht chugainn. Tá Niamh tar éis a bheith ina sócmhainn iontach sa Rannóg Cógaisíochta.

Seirbhísí

Tá an Rannóg Cógaisíochta freagrach as cógas a cheannach, a dháileadh agus a thabhairt amach do 128 othar cónaithe faoi láthair.

Déanann an cógaslann raon mór stoc barda a bharradh suas dhá uair sa tseachtain agus ordaíonn na bardaí rudaí nach bhfuil ar fáil sna bardaí féin ar bhonn laethúil agus bíonn dhá sheachadadh chuig na bardaí in aghaidh an lae. Tá ar othair atá ar chógas “High Tech’ a gcógas féin a thabhairt leo. Ní mór d’othair sosa a gcuid cógas féin a sholáthar dár dtréimhse linn. Tá an chógaslann freagrach as an cur de láimh slándáil de chógas nach bhfuil i ndáta san ospidéal.

Áirítear iad seo a leanas i measc na seirbhísí cliniciúla:

Athbhreithniú Oidis/Kardex: Tá a fhios ag an saol go bhféadfadh earráidí a dhéanamh le cógais mar gheall ar scríbhneoireacht. Déanaimid gach cógas a sheiceáil do idirghníomhaíochtaí, do dháileog, do láidreacht, fad na teiripe agus frithghníomhartha áibhirseacha. Déanann an Rannóg Cógaisíochta idirchaidreamh leis an ospidéal tuismitheora d’fhonn leanúnachas ó thaobh cúram cógaisíochta d’othair a chinntiú. Mar gheall ar líon ardaithe othair chúraim eatramhaigh tá níos mó oibre i gceist mar go bhfuil na hothair seo, de ghnáth, níos casta go liachtúil ná ár n-othair ortaipéideacha.

Is é an chógaslann an ionad eolais drugaí agus soláthraímid comhairle ar aon cheist maidir le cógas ó aon bhall foirne nó othar.

Tá tús áite ag smacht ar ghalrú agus tá Treoirlínte Frithmhiocróbacha forbartha ag an Rannóg Cógaisíochta d’fhonn úsáid cheart antaibheathachaí san ospidéal a chinntiú.

Oideachas

Seo a leanas léachtaí ar a bhfreastalaíodh orthu:

- Sláinte na mBan (cuid 1 + 2),
- Galar Croífhéadánach,
- Ailse Craicinn,
- Fadhbanna Anála,
- Earráidí Liachta,
- ‘Anti-Coagulation the X Factor’ comhdháil cógaisíochta bliantúla na gcógaiseoirí ospidéil.

Uaireanta na Cógaslainne

8.30rn – 4.30in Luan go hAoine

Linda Murnane
Príomhchógasóir

Niamh Ruane
Cógaiseoir Sinsearach

RANNÓIGE FISITEIRIPE

Is mian leis an Rannóg Fisiteiripe: Seirbhís ar ardchaighdeán a bhunú atá íogaireach do riachtanais an indibhidiúla, an ospidéil agus an phobail agus, dá réir sin, a éilíonn ón bhfoireann leibhéal saineolais agus ar chóimhéid leis na caighdeáin is airde sa ghairm. An timpeallacht a chortú, a chothaíonn agus a spreagann an duine chun fiosrúcháin agus anailíse, a chruthaíonn seirbhís atá fuinniúil, éifeachtach agus feiliúnach. Othair a chumasú chun an caighdeán maireachtála is airde a bhaint amach, chomh fada agus is féidir lena riocht, tríd an othar a oil agus a mhol páirt a ghlacadh i mbainistíocht chúraim agus trí chinntiú go gcuimsíonn foirmiú pleananna cúraim tosca sóisialacha agus comhshaoil. Forbairt ghairmiúil leantach, oideachas agus taighde a chur chun cinn agus a thacú.

Go luath i mí Feabhra, thosaíomar ag obair le DMF Systems d'fhonn chóras bainistithe bhunachar sonraí fisiteiripe a chur le chéile a bheadh in oiriúint don tseirbhís anseo. Tá na baill foirne anois ag cur isteach eolas othair agus taifid chóireála sa chóras ar bhonn laethúil ar mhaithe le cúinsí taighde agus staidrimh. Tá sé i gceist againn leathnú amach ar na tuarascálacha ar fáil ar an gcóras d'fhonn a phoitéinseal a uasmhéadú.

Bhí brón an domhain orainn slán a fhágáil le Maria O'Brien, Fisiteiripeach Sinsearach i mí an Mhárta, nuair a d'éirigh sí as tar éis beagnach scór bliain ag obair linn ar an mbarda Vernon. Bhí áthas an domhain orainn nuair a tháinig Eimear Murphy, Fisiteiripeach Sinsearach chugainn níos déanaí i mí Aibreán.

I mí Bealtaine 2010 chuireamar fáilte roimh oscailt an bharda Gracefield agus teacht isteach beirt Fhisiteiripeach nua Ger Gill agus Lisa Conlon. Fuaireamar maoiniú le haghaidh trealamh nua a d'úsáideamar go príomha chun tuilleadh trealaimh a cheannach do na ranganna gioma ar maidin agus croiseanna siúil chun cuidiú le hothair a chur i ngníomh ar na bardaí. Tugadh uair bhreise seirbhíse portaireachta um thráthnóna a chuir ar a gcumas ag fisiteiripe obair ar bhonn aonair sa ghiom le hothair a theastaigh tuilleadh ionchuir uathu ná cóireála a d'fhéadfá a dhéanamh díreach sa bharda.

I mí an Mheitheamh 2010, thaisteal Pauline Sheeran, Gráinne Duffin agus Gráinne O'Hara chuig Ospidéal Chathair Bhéal Feirste chun freastal ar Chúrsa Náisiúnta Bliantúil Chumann na bhFisiteiripeach Cairte (RA). I mbliana, dhírigh siad ar fhorbairtí déanacha i dteicnicí máinliachta, bainistíocht fhisiteiripe tar éis máinliachta, máinliacht ar ghéaga in uachtar agus in íochtar agus máinliacht athshlánaithe agus droma.

I mí lúil 2010 tháinig Claire Fagan chugainn ón Ospidéal Mater mar Fhisiteiripe Sinsearach ar bharda Gracefield agus tá idir fhoireann agus othair tar éis tairbhe a bhaint as an eispéireas a thóg sí léi ón suíomh géarospidéil.

Leanamar ar aghaidh ag coinneáil suas chun dáta lenár gcomhghleacaithe ar fud na tíre trí fhreastal ar chruinnithe Grúpa den Córas Ortaipéideach d'othair chónaithe gach ceathrú.

Bhí an cruinniú i mí Eanáir in Ospidéal Cappagh agus thug dochtúir coise ón IDS, an soláthraí coisbhirt san ospidéal, caint oideachasúil.

Ag an gcruinniú i mí an Mheithimh, a bhí in Ospidéal Tamhlacht, rinne an Dr. Brendan O'Daly cur i láthair ar bhristí húiméireacha neasacha.

Bhí an cruinniú i mí Mheán Fómhair óstaithe ag an Rannóg Fisiteiripe i gClinic Beacon. Ar an ábhar go raibh sé ar siúl um thráthnóna, bhí níos mó daoine ón rannóg in ann freastal air.

TUARASCÁIL NA RANNÓIGE FISITEIRIPE *ar lean*

Seo a leanas cuid de na cur i láthair:

- Turlough O'Donnell Uas., Máinlia Comhairleach Ortaipéideach: *Máinliacht Ionadaíochta Glúine Unicondylar – Céard? Cén fáth? Cé?*
- John Lunn Uas., Máinlia Comhairleach Ortaipéideach: *Máinliacht Athchumtha Gualainne: Céard atá Nua?*
- Maurice Neligan Uas., Máinlia Comhairleach Ortaipéideach: *Nuair is ceart Athchumadh ACL agus Oistéamaí Ardchnáimh Lorga a chur le chéile*.

Mar ghrúpa, táimid ag ullmhú le bheith aitheanta mar ghrúpa spéise cliniciúil de Chumann Fisiteiripeach na hÉireann (ISCP) rud gur cheart an phróifíl a ardú agus an grúpa a oscailt chun lucht féachana níos mó ar bhonn náisiúnta.

Leanaimid ar aghaidh ag éascú tuilleadh dheiseanna thaithí oibre do bunchéimithe ó Choláiste na Tríonóide agus d'aontaíomar mic léinn fisiteiripe atá sa dara bliain a thógáil isteach le haghaidh thaití oibre breathnóireachta ón anuraidh.

Ar an drochuair, ba léiriú ar chúinsí eacnamaíochta líon na n-iarratas a fuarthas ar thaithí oibre deonaí ó fisiteiripigh céimithe nach raibh in ann post a fháil sa ghairm agus a bhí ag iarraidh a scileanna cliniciúla a choinneáil. Bhí an t-ádh orainn sé thréimhse thaithí oibre a mhair idir 6 agus 12 seachtaine a thabhairt do 3 céimí den chéad scoth i dtreo dheireadh na bliana – duine acu, Diane O'Gorman, a d'fhill i mí na Nollag chun tosú linn mar fhisiteiripe ionadaithe ar an bhfoireann.

Bhí ríméad orainn go raibh Caroline Daly in ann filleadh ar an obair mar fhisiteiripe deonach le linn an tsamhraidh idir an tríú agus an ceathrú bliain dá cúrsa bunchéime fisiteiripe. Leanamar ar aghaidh ag tabhairt deiseanna thaithí oibre do scoláirí san idirbhliain agus do roinnt mic léinn atá ag smaoineamh ar fhisiteiripe mar dara céim.

D'fhreastal Gráinne O'Hara, Bainisteoir Fhisiteiripe ar fho-choiste (OASC) an ISCP thar lear ar bhonn míosúla ar son an ospidéil. D'fhreastal sí ar chruinnithe eile gach ceathrú de na Fisiteiripigh Cairte i mBainistíocht (CPM) agus Bainisteoirí Fisiteiripe in ospidéil dheonacha agus grúpa PCCC. Bhí lá forbartha gairmiúla leanúnaigh ag an CPM i mí an Mhárta, *'Coping under Pressure, Understanding Personality Type and Stress'* ar a d'fhreastal Gráinne Ó Hara.

Táimid ag tnúth go mór leis an mbliain romhainn, an fhéidearthacht go mbeidh an t-ospidéal ag leathnú amach agus na dúshláin a thiocfaidh leis an mbliain. Seo a leanas roinnt dár dtosaíochtaí go dtí seo:

1. Comaoin tuarascálacha ón gCóras Bainistithe Sonraí Fisiteiripe (PDMS) ionas go mbeifear in ann an t-eolas ar a ndéanfar taifead a úsáid le haghaidh taighde agus iniúchta.
2. Pleanáil forbartha pearsanta do bhaill foirne fisiteiripe agus measúnú maoirseoireachta agus acmhainneachta do bhaill foirne nuacheaptha.
3. Lean ar aghaidh ag cur leis an mbunachar eolais agus feabhas a chur ar scileanna fisiteiripe i gceantair éagsúla d'fhonn dul i ngleic leis na díotha éagsúla d'othair cúraim eatramhaigh a sheoltar chugainn.
4. Forbairt ar an gcuid fisiteiripe de shuíomh gréasáin an ospidéil.
5. Ba mhaith linn ár nasc a neartú lenar gcomhghleacaithe atá ag obair sa phobal agus iad sin atá ag obair sna príomhospidéil atreoraithe. Tá siúl againn obair ar dhoiciméadú agus miosúir toraidh d'fhonn aistriú foirfe de chúram othair a chinntiú.

Ar is gnáth, táimid fíor-bhuíoch dar gcomhghleacaithe ar fud an ospidéil as a gcabhair agus a dtacaíocht sa Rannóg.

Ba mhaith liom buíochas pearsanta a chur in iúil do Vicky McMahon (giom), Gráinne Duffin (Barda Vernon), Pauline Sheeran agus Sarah Branagan (Barda Swan) Sonia Gamble (Kincora), Claire Fagan (Barda Gracefield) Eimear Murphy, Catherine Cradock agus an fhoireann Ger Gill, Lisa Conlon agus Diane O'Gorman as a n-obair chrua agus a dtiomantas le linn 2010 agus as a bheith ghníomhach agus paiseanta as a gcuid oibre.

Gráinne O'Hara
Bainisteoir Fisiteiripe

TUARASCÁIL NA
RANNÓIGE LÓNADÓIREACHTA

Le linn 2010, lean an Rannóg ag soláthar seirbhís ar ardchaighdeán do na hothair uile, cuairteoirí agus baill fhoirne an Ospidéil. Tá díotha beatha na n-othar ag éirí an-speisialta. Ciallaíonn aistir bhia choeliac, dhiaibéiteach, ard i bpróitéin agus íseal i salann go bhfuil ar an Rannóg freastal ar níos mó díotha speisialta.

Le linn 2010, lean an fhoireann lónadóireachta a dháileann an bia ar na hothair ag fáil oiliúint shláinteachas láimhe agus slándála bia.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann na Rannóige Lónadóireachta as seirbhís le bheith bródúil as.

Marie O'Gorman
Bainisteoir Lónadóireachta

TUARASCÁIL NA
RANNÓIGE UM SHEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

Leanann na póirtéirí agus an fhoireann tí ag imirt ról tábhachtach i soláthar cúraim agus seirbhíse othair do rannóga eile an ospidéil.

Ba bhliain an-ghnóthach 2010 dár stór lárnach ar an ábhar go raibh ardú i líon na n-othar. Cuireadh stocanna a d'fhreastal ar níos mó díotha ar fáil. Ghlac an Rannóg seilbh ar sheomra stórála nua agus níos mó leathbhealach tríd an mbliain. Chomh maith leis sin, éascaíonn an feabhas ar bhunú foréileamh barda seachtainiúil cur chuige níos éifeachtaí agus pleanáilte níos fearr do bhainistiú stoca, stóráil agus ceannach earraí. Ní rabhamar in ann é a dhéanamh cheana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúil do na póirtéirí agus an fhoireann tí as a n-obair chrua agus a gcomhoibriú le linn na bliana.

Ar an drochuair, chaill an Rannóg duine dár gcomhghleacaithe i mí an Mhárta 2010, Stephen Kavanagh Uas. Airímid uainn go mór é. Go ndéanfaidh Dia trócaire air.

Jorge Periera
Oifigeach na Seirbhísí Ginearálta

12 TUARASCÁIL NA RANNÓIGE UM OBAIR SHÓISIALTA

Soláthraíonn an Rannóg um Obair Shóisialta Liachta tacaíocht, comhairle, cúnamh praiticiúil agus comhairleoireacht (más ann dó), do gach othar cónaithe san ospidéal seo.

Soláthraímid réimse leathan seirbhísí d'othair agus dá gclainne. Nuair a theastaíonn sé déanaimid trácht ar na seirbhísí reachtúla / deonacha / eagraíochtaí amuigh sa phobal chun cuidiú le hothair filleadh ar chónaí neamhspleách nó socruithe éigin eile. Tá meas ag an Rannóg um Obair Shóisialta ar dhínit agus indibhidiúlacht an duine aonair, ag géilleadh do na caighdeáin ghairmiúla agus eitic agus ag tabhairt airde ar éatos an ospidéil.

Seo a leanas liosta de na seirbhísí soláthraithe ag an Rannóg um Obair Shóisialta liachta:

- Measúnaithe síceashóisialta;
- Idirghabháil thacúil, m.sh. drochíde seandaoine, daoine gan dídean, bainistíocht ghéarchéime;
- Comhairleoireacht indibhidiúil;
- Comhairleoireacht éagtha;
- Pleanáil cúraim/Pleanáil Scaoileadh;
- Abhcóideacht agus idirghabháil;
- Ag cruthú nasc/ag déanamh idirchaidrimh le seirbhís reachtúla agus deonacha/eagraíochtaí ar son na n-othar agus a gclainne;
- Ag éascú cruinnithe teaghlaigh / comhdhálacha cáis;
- Cuairteanna baile i gcomhpháirtíocht leis an Rannóg um Theiripe Shaothair;
- Ionchur oideachasúil do bhaill foirne nua.

Is éard atá i gceist leis seo go príomha ná measúnú síceashóisialta iomláin a chur i gcrích leis an othar d'fhonn a ndíotha agus a slándáil a mheas sula ligtear amach iad, othair a atreorú chuig a seirbhísí tacaíochta sa phobal, an altra um shlándáil poiblí go príomha nó altra pobail agus chuig an eagraí cúnaimh bhaile áitiúil. Is cuid riachtanach iad na seirbhísí seo a chur ar a gcumas ag go leor othair filleadh ar a mbailte féin. Tá seirbhísí na bhfoirne cúraim cheantair / aonaid athshlánaithe phobail agus príomhchúraim an-tábhachtach freisin d'othair a theastaíonn tacaíocht leanúnach ón idirghabháil fhoireann ildhisiplíneach uathu nuair a scaoiltear amach ón ospidéal iad.

Tá ról speisialta fós ag obair shóisialta maidir le hobair le baill teaghlaigh, a bheith ina nasc don fhoireann ildhisiplíneach le cumarsáid a dhéanamh leis an gclann, ach go háirithe, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar cheapaíocht an theaghlaigh déileáil leis na díotha speisialta atá ag an othar agus ag cinntiú go bhfuil siad nasctha leis na seirbhísí pobail chuí. D'fhéadadh sé seo a chuimsiú tacaíocht obair shóisialta bhunúsaigh, comhairleoireacht, bainistíocht choinbhleachta agus idirghabháil, chomh maith le abhcóideachta agus cúnamh le dul tríd na córais mhaorlathais a thugann tacaíocht do sheandaoine.

Leanann an Rannóg um Obair Shóisialta ar aghaidh ag déanamh cuairteanna baile leis an Rannóg um Theiripe Shaothair d'fhonn pleanáil scoilte slán agus cuí a chinntiú.

Tá duilleoigín eolais deartha agus píolótaithe ag an Rannóg ar ról na Rannóige agus na seirbhísí agus an tacaíocht ar fáil d'othair agus a dteaghlaigh.

Atreoraithe Obair Shóisialta

Déantar an chuid is mó d'atreoraithe ag cruinnithe foirne ildhisiplíní gach barda. Tá fáilte ag baill na foirne ildhisiplíní atreoraithe féideartha a phlé leis an oibrí sóisialta cuí taobh amuigh den chruinniú. Tá cead ag othair iad féin a atreorú freisin. Déanann oibrithe sóisialta liachta gach iarracht coinne nua a sheiceáil gach lá ar an ábhar go bhfuil idirghabháil luath riachtanach le hothair chúraim eatramhaigh a thagann le dátaí scaoilte daingin.

Le linn 2010, atreoraíodh timpeall 1,155 othar nua agus rinne an Rannóg um Obair Shóisialta iad a mheas. Tugann sé seo le fios an t-ardú atá tagtha ar an méid oibre atá le déanamh ag an Rannóg um Obair Shóisialta. Is é an fáth leis seo ná gur oscail barda nua agus bhí tuilleadh othair ann, dá bharr, ach chomh maith leis sin mar gheall ar fhoinsí pobail srianta agus ardú in iarratais ar an bpacáiste um chúram baile.

Foireann Nua

Bhí go leor athruithe ag an Rannóg um Obair Shóisialta i rith na bliana. Ar an ábhar gur osclaíodh barda nua, tháinig Oibrí Sóisialta Liachta Sinsearaí chugainn, Carol O'Connor i mí Aibreán 2010. Mar gheall ar an gceapachán seo anois tá beirt shinsearach fostaithe go lán-aimseartha agus beith lán-aimseartha le poist bhunaidh. Bhí athrú eile ar an bhfoireann nuair a d'fhág Phil Butler i mí Eanáir 2010 agus teacht i láthair Deirdre McLoughlin i mí Iúil 2010.

Cruinnithe Ildhisiplíneacha

Leanann an Rannóg um Obair Shóisialta ar aghaidh ag freastal ar chruinnithe barda ildhisiplíneacha ar bhonn seachtainiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar theacht ar aghaidh na n-othar agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil plean scoilte chuí ann don othair nuair a scaoiltear amach é/í.

Naisc leis an bPobal

I gCeantar Cúraim Phobail 7, leanann an Rannóg um Obair Shóisialta le hionadaíocht ar dhá den cheithre líonraí bunchúraim a bhuaileann faoi cheathair i rith na bliana.

Lean Imelda Morris SMSW ar aghaidh ag freastal ar chruinnithe míosúla SIGA a sholáthraíonn saincheisteanna ábhartha dúinn maidir lenár n-othair agus ár gcuid oibre.

Oideachas/Oiliúint/Forbairt Ghairmiúil Leanúnaigh

Tá an Rannóg um Obair Shóisialta tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnaigh agus oideachas leanúnach freisin. D'fhreastal an fhoireann ar sheimineáir éagsúla, comhdhálacha agus cúrsaí le linn agus taobh amuigh d'uaireanta oibre chun eolas a chur ar ár seirbhís agus í a fheabhsú.

Mí Feabhra agus Mí Bealtaine 2010: chríochnaigh an fhoireann Láimhseáil Manuaile agus Oiliúint CPR.

Meán Fómhair 2010: D'eagraigh an Rannóg um Obair Shóisialta oiliúint agus eolas i gcomhpháirtíocht le FSS dá rannóg agus d'fhoireann an ospidéil ar *The Fair Deal* – Scéim Tacaíochta Tithe Altranais.

D'fhreastal Carol O'Connor SMSW ar na rudaí seo a leanas:

- Clár oiliúna chleachtadh múinteoireachta trí lá agus lá bhuail-isteach i UCC.
- Chríochnaigh sí an chéad bhliain dá Máistreacht i Síciteiripe agus lean sí ar aghaidh go dtí an bhliain deiridh dá staidéar. Rinne sí é seo taobh amuigh dá huaireanta oibre agus d'íoc sí as í féin.
- Comhdháil CAP SPARC dhá lá, Ag Éirí Feiceálach: *Daoine Aosta mar Chuid den Phobal agus in Ionad Cúraim Fhadtéarmaigh* i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Maoinithe ag an IOH.
- Chríochnaigh Carol an ceardlann ASSIST dhá lá i nGarchabhair Féinmharaithe agus bronnadh teastas uirthi freisin.

D'fhreastal Deirdre McLoughlin MSW ar na rudaí seo a leanas:

- *Ag éirí sean, Sláinte agus Cáilíocht Saoil Dhaoine atá faoi Mhíchumas Intleachtach: Ag ullmhú d'Fhreagraí Polasaithe agus Seirbhís in Éirinn* i gColáiste na Tríonóide.
- An chéad chomhdháil náisiúnta um Oideachas Oibre Sóisialaí in NUIG.
- Agus chríochnaigh sí cúrsa teastais: *Cur Chuige Laghdaithe Dochair do Féin-Ghortú* i TCD taobh amuigh dá huaireanta oibre agus d'íoc sí as í féin.

D'fhreastal Cathy Neagh MSW ar na rudaí seo a leanas:

- *Peirspictíochtaí Comhshaolacha i gCleachtas Oibre Sóisialta* – cúrsa tráthnóna i TCD. Rinne sí é seo taobh amuigh dá huaireanta oibre agus d'íoc sí as í féin.
- Clár oiliúna chleachtadh múinteoireachta trí lá i gColáiste na Tríonóide.

D'fhreastal Imelda Morris ar:

- Comhdháil Chumann Oibrithe Sóisialaigh na hÉireann, Baile Átha Cliath.

D'éirigh leis an Rannóg um Obair Shóisialta lá imeachtaí a eagrú d'othair ar gach barda chun Lá Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Dhaoine Aosta a cheiliúradh. D'éirigh go hiontach leis an lá agus chruinnigh bailiúchán/maidin chaife €420 d'Age Action na hÉireann.

De thoradh bás tragóideach bhall foirne agus comhghleacaithe, sholáthair an Rannóg um Obair Shóisialta tacaíocht gach ball foirne agus a dteaghlaigh. Tá focal buíochas ar leith ag dul don Uas. Oliver Barbar, comhairleoir agus saineolaithe i strus teagmhais chriticiúil don chúnamh a thug sé dúinn le linn an ama brónaigh seo.

Thar cheann na Rannóige um Obair Shóisialta, ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do Phil Butler Uas. as a cuid oibre crua agus a tacaíocht le linn a hama anseo, tréaslaímid léi ar bhreith a hiníon Emilie, agus guímid gach rath uirthi ina post nua in Ospidéal Bhaile Uí Lachnáin. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl freisin do Mhaeve Kenny Uas. a sholáthar clúdach agus do Mharie Towell Uas. dá tiomantas agus dá geall agus í ag soláthar tacaíocht riaracháin don Rannóg.

Imelda Morris & Carol O'Connor
An Rannóg um Obair Shóisialta Liachta

14

TUARASCÁIL NA RANNÓIGE UM THEIRIPE SHAOTHAIR

Is é príomhsprioc theiripe shaothair ná daoine a chumasú páirt a ghlacadh i ngníomhaireachtaí laethúla (Cónaidhm Domhanda Teiripeoirí Saothair 2005). Tá sé mar aidhm ag Teiripeoirí Saothair neamhspleáchas an othair a uasmhéadú i ngníomhaireachtaí laethúla agus nuair is ann dó, a dtimpeallacht a athrú d'fhonn é seo a chumasú.

Soláthar Foirne

I mí an Mheitheamh, nuair a d'oscail an barda nua, tugadh post nua isteach sa Rannóg. Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh Noreen Barry chuig an Rannóg. Chéimnigh Noreen ó Choláiste na Tríonóide sa bhliain 2010 agus bhí sí ina mac léinn anseo sa bhliain 2009. Tá barda go leith ag na teiripeoirí sinsearacha agus tá barda amháin ag na teiripeoirí sóisearacha.

Suíomh agus Sonraí na Rannóige

Tá an Rannóg lonnaithe i rannóg na bhfo-othar san ospidéal in éineacht lenár gcomhghleacaithe sna rannóga um Obair Shóisialta agus Fisiteiripe. Cuimsíonn an rannóg cistin, seomra leapa agus seomra folctha, a d'fhéadfadh measúnú agus traenáil ghníomhaireachtaí maireachtála laethúla a dhéanamh.

Tagann atreoraithe ó:

- Bhaill fhoirne ó fhoireann ildhisiplíneach an Ospidéil.
- Teiripeoirí Saothair ó ospidéal atreoraithe.

Tosaíocht Ualach Cáis

Déantar measúnú ar atreoraithe agus tugtar tosaíocht dóibh de réir díotha na n-othar agus na hacmhainní.

Forbairtí Seirbhíse 2010

- Tugadh isteach córas breacaidh nótaí theiripe saothair ar ríomhaire atá nasctha leis an gcóras ADT reatha atá san ospidéal, rud a chuireann ar ár gcumas rochtain níos éasca a bheith againn ar nótaí agus tuairisciú staidrimh níos fearr.
- Cuireadh polasaí um chuairt baile i gcrích don Rannóg.
- D'fhreastal Aileen Murray ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann na dTeiripeoirí Saothair in Éirinn (AOTI) i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath i mí Bealtaine agus tá sí mar bhall den Ghrúpa Comhairleoireachta AOTI do Dhaoine Aosta.
- D'fhreastal an Rannóg ar Sheimineár Elite Healthcare ar Shuí i mí Iúil.
- I mí Mheán Fómhair, d'ofráil céimí nua, Barbara Ringwood, dhá lá oibre deonaí sa Rannóg. (Cé gur chuir sé ar a cumas aici coinneáil suas chun dáta le teiripe saothair agus taithí a fháil, bhí leas ann don Rannóg freisin mar go raibh an Rannóg in ann idirghabhálacha níos minice a éascú d'othair chomh maith le cuidiú i riarachán na Rannóige. Leag sé béim ar an leas a thiocfadh le cúntóir theiripeoir saothair nó teiripeoir saothair breise don Rannóg). Chaith Barbara ceithre mhí sa Rannóg agus guímid gach rath uirthi ina post nua.
- D'fhreastal Noreen agus Barbara ar chúrsa chathaoir rotha dhá lá eagraithe ag Healthcare 21.
- D'fhreastal Noreen agus Aileen ar leath-lá oideachais phobail i gCluain Tarbh. Thug an lá staidéir seo deis bualadh le hionadaithe ó chomhlachtaí agus foghlaim faoina dtáirgí nua chomh maith le naisc a chruthú lenár gcomhghleacaithe pobail.
- Éascaíodh cúrsaí inmheánacha ar shuí agus ar fhaoiseamh brú do chúntóirí cúraim shláinte agus foireann altranais d'fhoireann an ospidéil.
- D'fhreastal Noreen ar sheimineár lae ar mheiningíteas ag féachaint ar fháthmheas luath agus coiréal agus forbairtí déanaí.
- Tharla éascú leanúnach d'oideachas mac léinn le hAileen ag déanamh maoirseoireachta ar mhac léinn ón gcéad bhliain i mí Eanáir 2010. D'fhreastal Noreen ar Chúrsa d'Oiliúnóirí Praiticiúla i gColáiste na Tríonóide i mí Mheán Fómhair 2010 chun a chur ar a cumas aici oideachas praiticiúil mac léinn a éascú amach anseo.
- Cuidíonn tabhairt isteach dhá mheasúnú chognaíocha chaighdeánacha nua – the Middlesex Elderly Assessment of Mental State agus an Rivernead Behavioural Memory Test – measúnú níos doimhne a sholáthar.

Forbairtí Seirbhíse 2011

- Cuireadh tús le oideachas iarchéime agus taighde le Frank D'Easaille-Sutcliffe ag cur tús le máistreacht i gColáiste na Tríonóide.
- Tabhairt isteach grúpa um chosaint titim.
- Éascú leanúnach d'oideachas mac léinn.
- Cur i gcrích chistin mheasúnaithe chun idirghabháil níos casta a dhéanamh.
- Tabhairt isteach club irise sa Rannóg.
- Leanadh le nasc a choinneáil le Teiripeoirí Saothair agus Teiripeoirí Saothair Pobail in ospidéal atreoraithe agus monatóireacht ar fhorbairtí seirbhíse.

Go hachoimreach, ba mhaith leis an rannóg um theiripe saothair buíochas a chur in iúl dár gcomhghleacaithe san fhoireann ildhisiplíneach dá gcúnamh leanúnach agus dá dtacaíocht le linn na bliana.

Aileen Murray Uas., an tUas. Frank D'Easaille
Teiripeoirí Saothair Shinsearaigh

> *Is é an phríomhaidhm atá ag teiripe saothair ná daoine a chumasú chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí a bhaineann leis an ngnáthshaol*

TUARASCÁIL NA
RANNÓIGE X-GHATHAITHE

Le linn 2010, sholáthair an rannóg x-ghathaithe seirbhís d'othair chónaithe agus d'fho-othair. Glactar le hothair san ospidéal faoi chúram chomhairleoirí ortaipéideacha sna hospidéil atreoraithe agus atreoraínn dochtúirí ginearálta (GPanna) iad. Is í Martina Morrin Uas. an raideolaí comhairleach agus chuir Ann Ryan Uas. athscríobh x-ghathaithe ar fáil.

Gillian Rice
Raideolaí Sinsearach

TUARASCÁIL NA
RANNÓIGE UM SHEIRBHÍSÍ MÍOCHAINE

Soláthraíonn an Dr. Ailish Leavy agus an Dr. Elisabeith Kronlage clúdach liachta ar bhonn laethúil le linn na bliana. Freastalaíonn siad ar dhíotha liachta ginearálta na n-othar cónaithe. Ár mbuíochas dóibh dá n-ionchur.

Fanann na hothair Ortaipéideacha coinnithe san ospidéal faoi chúram a C(h)omhairleoir Ortaipéideach san ospidéal atreoraithe. Oibríonn an dá ospidéal go dlúth lena chéile le linn athshlánaithe an othair. Tugann an cláraitheoir ortaipéideach de chuid an ospidéil cuairt ar othair ortaipéideacha ar bhonn seachtainiúil.

AGUISÍN 1

TUARASCÁLACHA STAIDRIMH

AGUISÍN 2

TUARASCÁLACHA AIRGEADAIS

Leibhéal Sealbhaithe	Ean	Feabh	Márta	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	Mfomh	Dfomh	Samh	Noll	Iomlán	2009
Laethanta Leapa Úsáidte	2,830	2,563	2,765	2,516	2,854	3,421	3,576	3,429	3,534	3,502	3,412	3,401	**37,803**	31,446
Sealbhú %	95%	95%	93%	87%	96%	89%	90%	86%	92%	88%	89%	86%	**90%**	90%
Coinnithe Iomláin	116	121	138	149	131	194	180	166	179	159	209	167	**1,909**	1,575
X-ghathaithe Tógtha	15	26	22	12	17	0	25	24	27	25	31	17	**241**	272
Atreoraithe Oibrithe Sóisialta Nua	66	66	64	77	81	114	107	110	118	111	140	101	**1,155**	1,099
Atreoraithe Theiripe Shaothair Nua	75	27	77	58	83	113	128	115	109	103	133	91	**1,112**	845
Cóireálacha Fisiteiripe	2,068	2,040	2,143	2,004	1,950	2,729	2,888	2,607	2,865	2,433	2,855	2,238	**28,820**	22,705
Fo-Othair														
X-ghathaithe Tógtha	168	168	201	163	147	0	127	193	177	210	227	102	**1,883**	3,292

Iontrálacha de réir Foinse	Ean	Feabh	Márta	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	Mfomh	Dfomh	Samh	Noll	Iomlán
Ceapach	10	14	21	20	20	20	19	21	19	14	27	13	218
Mater	10	5	7	5	7	7	13	10	13	10	4	13	104
Mater – Cúram Eatramhach	15	13	16	15	9	36	35	26	30	33	40	27	295
Tamhlacht	13	16	10	16	18	21	15	16	22	13	16	16	192
Naomh Uinseann	6	13	10	12	11	14	12	11	7	11	12	12	131
Beaumont	18	8	18	18	12	13	10	7	13	9	15	20	161
Beaumont – Cúram Eatramhach	13	6	10	13	14	40	28	37	37	29	43	27	297
San Séamais	10	15	7	9	8	6	4	7	10	11	10	12	109
Connolly	4	4	3	2	5	6	2	2	3	0	2	1	34
Connolly – Cúram Eatramach	1	3	2	2	0	1	3	0	5	2	3	2	24
Eile	16	24	34	37	27	30	39	29	20	27	37	24	344
– (Clinic na Carraige Duibhe)	1	2	4	2	3	2	4	7	1	2	4	0	32
– (Mater Príobháideach)	2	0	2	4	2	3	5	3	0	3	1	1	26
– (Mount Carmel)	0	2	4	0	3	1	2	0	1	2	1	3	19
– (Bon Secour)	2	5	3	11	2	8	6	5	5	1	0	6	54
– (Naomh Uinseann Príobháideach)	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	1
– (Naomh Mhicheál)	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1
– (Sos)	6	8	11	9	10	6	9	7	7	9	10	10	102
– (Páirc Merlyn)	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
– (Ospidéal Mhuire Lourdes)	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1
– (Eile)	4	7	9	11	7	10	13	6	6	10	21	4	108
Iomlán	**116**	**121**	**138**	**149**	**131**	**194**	**180**	**166**	**179**	**159**	**209**	**167**	**1,909**

TUARASCÁLACHA AIRGEADAIS

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLÉACH

D'iniúchamar na ráitis airgeadais a ullmhaíodh de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, modhnaithe chun athluacháil roinnt sócmhainní seasta agus na beartais cuntais sonraithe.

Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá stiúrthóirí an chomhlachta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí infheidhme agus Gnáthchleachtas Cuntasaíochta in Éirinn, caighdeáin chuntasaíochta a d'eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus Foras na gCuntasóir Cairte in Éirinn an d'fhoilsigh san áireamh.

Déantar na tuarascáil seo i gcomhair chomhaltaí an chomhlachta mar chomhlachas, i gcomhréir le hAlt 193 Acht na gComhlachtaí, 1990. Rinneadh ár n-obair Iniúchóireachta chun go mbeimid in ann sonrú do bhaill na cuideachta na ceisteanna gur gá dúinn a shonrú i dtuarascáil iniúchóra gan aon chríche eile. De réir gach uile cheangal dlí, ní ghlacaimid freagracht do dhuine ar bith seachas an comhlacht agus comhaltaí an chomhlachta mar chomhlachas, le haghaidh ár n-obair Iniúchóireachta, an tuarascáil seo nó le haghaidh tuairimí atá againn.

Na ráitis airgeadais a iniúchadh is ea ár bpríomhchúram i gcomhréir leis an gceangaltas dlíthiúla agus reachtúla bainteacha agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscítear leis seo ár dtuairim maidir le fírinneacht agus cothroime na ráitis airgeadais, i gcomhréir le Gnáthchleachtas Cuntasaíochta in Éirinn, agus ullmhaíodh mar is ceart i gcomhréir le hAcht na gComhlachtaí, 1963 go 2009. Tuairiscítear leis seo chomh maith dár linn: choimeád an chomhlachta leabhair chuntais cearta; agus, má tá an t-eolas tugtha i dtuarascáil an stiúrthóra ar aon dul leis na ráitis airgeadais. Thairis sin, tuairiscítear leis seo má fhuaireamar gach uile fhaisnéis agus mínithe mar is cuí i gcomhair chuspóir ár n-iniúchta agus má aontaíonn clár comhardaithe agus a ioncaim agus a chuntas caiteachais leis na leabhair chuntas.

Bunús na Tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) a d'eisigh Bord na gCaighdeán Iniúchóireachta. Baineann iniúchadh le scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá bainteach le méideanna agus lena nochtadh sna ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais a rinne na stiúrthóirí mar ullmhú do na ráitis airgeadais, agus má tá na beartais chuntasaíochta feiliúnach do thosca an chomhlachta, má cuireadh chun feidhme i gcónaí iad agus má nochtadh go sásúil iad.

Pleanáladh agus rinneadh ár n-iniúchadh le go mbeimid in ann gach uile fhaisnéis agus mhíniú a mheasamar bheith riachtanach d'fhonn faisnéis imleorach a sholáthar dúinn agus chun urrús imleorach a dhearbhú go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábharthach, de bharr calaois nó aon mhírialtacht nó earráid eile. Chuige sin rinneamar iniúchadh ar leorgacht thaispeántas na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Dar linn léargas fírinneach agus cothrom is ea na ráitis airgeadais, i gcomhréir le Gnáthchleachtas Caighdeánach Chuntasaíochta in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí an chomhlachta ag bliain dar críoch 31 Nollaig 2009 agus maidir lena bharrachas don bhliain a chríochnaíodh agus ullmhaíodh mar is ceart iad i gcomhréir le hAcht na gComhlachtaí 1963 go 2009.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid riachtanach chun iniúchadh a dhéanamh. Dar linn, coimeád an comhlacht leabhair chuntais chearta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Dar linn, tá an fhaisnéis soláthraithe i dtuarascáil an chathaoirligh i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Ormsby & Rhodes
Cuntasóirí Cairte

DEIMHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH & AN CHATHAOIRLIGH

21

Sléachtaí ó Thuarascáil na nIniúchóirí don bhliain dár gcríoch 31 Nollaig, 2010.

Deimhním / Deimhnímid go bhfuil ráitis airgeadais Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 dá ndéantar anseo i gcomhréir leis na leabhair chuntais agus go ndearnadh iad de réir gnáthchleachtas chaighdeánaigh chuntasaíochta agus de réir na gcaighdeán chuntasaíochta mar a leag an tAire Sláinte agus Leanaí síos.

Tuann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cothrom ar staid chúrsaí an ospidéil ag 31 Nollaig 2010 agus maidir lena ioncam agus a chaiteachas agus a shreabhadh airgid don bhliain dar críoch.

Michelle Fanning Uas.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dr Ciarán Craven
Cathaoirleach

AGUISÍN 2

CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS NEAMHCHAIPITIÚIL

	Bliain go dtí 31/12/2010	Bliain go dtí 31/12/2009
Caiteachas pá	€	€
Riarachán	547,962	538,843
Míochaine & déadach*	121,723	114,637
Altranas & na comhghuaillithe	4,254,370	3,678,960
Paraimhíochaine	870,232	740,355
Lónadóireacht & fíodóireacht**	1,104,873	1,099,742
Cothabháil	96,710	102,261
Pinsin	711,164	704,933
Méideanna móra agus deolchairí	387,838	84,874
PRSI	592,187	531,483
Pá comhláin iomláin	8,687,059	7,596,088
Caiteachas neamhphá		
Drugaí & cógais	231,833	195,278
Fuil agus earraí fola	-	-
Gáis mhíochaine	13,687	9,064
Soláthairtí mhíochaine agus máinliacha	109,090	65,194
Trealamh míochaine	136,795	173,474
Soláthairtí threalamh míochaine /conarthaí reatha	-	-
Trealamh x-ghathaithe	-	-
Soláthairtí x-ghathaithe / conarthaí reatha	33,337	25,324
Trealamh saotharlainne	-	-
Soláthairtí shaotharlainne / conarthaí reatha	54,851	48,163
Trealamh iónadóireachta	15,302	29,256
Soláthairtí iónadóireachta / conarthaí reatha	290,618	274,956
Teas, cumhacht, solas	212,426	207,629
Trealamh neachtlainne	(70)	9,697
Soláthairtí ghlantacháin agus níocháin / conarthaí reatha	369,751	341,971
Troscán, soithí cré, earraí crua	15,149	4,112
Cóir leapa agus éadach	13,575	6,796
Trealamh cothabhála	2,059	8,889
Soláthairtí ábhair chothabhála / conarthaí reatha	346,037	347,543
Trealamh feirmeoireachta agus gairdíneach	18,922	11,063
C/F	1,863,362	1,758,409

* Nóta Líne 2 (1) NCHD Míoch. & Déad.
(2) Comhchonradh Míoch. agus Déad.

** Cuimsíonn lónadóireacht agus fíodóireacht póirtéirí

CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS NEAMHCHAIPITIÚI

	Bliain go dtí 31/12/2010	Bliain go dtí 31/12/2009
Caiteachas neamhphá (ar lean)	€	€
C/F	1,863,632	1,758,409
Conarthaí reatha maidir le soláthairtí feirme	-	-
Liúntas cothaithe iompair	15,116	15,531
Iompar othair	5,377	4,277
Feithiclí a ceannaíodh	-	-
Soláthairtí feithiclí / conarthaí reatha	-	-
Iasacht bhainc, aisíocaíocht chaipitil	-	-
Ús agus táillí bainc	1,443	1,781
Costais árachais, iniúchta agus dlíthiúla	86,006	95,943
Trealamh oifige	81,516	58,181
Trealamh oifige / conarthaí reatha		
Trealamh ríomhaireachta	89,492	23,090
Trealamh ríomhaireachta / conarthaí reatha	21,665	65,449
Seirbhísí gairmiúla	138,165	133,899
Oiliúint foirne	2,929	14,630
Drochfhiacha	-	-
Ceartú soláthair		
Fiacha amhrasacha	54,799	20,075
Ilghnéitheach	21,646	17,035
Iomlán neamhphá	2,381,516	2,208,300
Iomlán an ollchaiteachais (10 + 48)	11,068,575	9,804,388
Ioncam		
Ioncam othair	2,534,222	2,195,297
Admhálacha bialainne	-	-
RTA (admhálacha)	78,661	114,213
Asbhaint ón bpárolla – Aoisliúntas	714,411	588,593
Asbhaint ón bpárolla / Luach saothair	94,292	57,849
Táillí seirbhísí do ghníomhaireachtaí seachtracha	-	-
Ioncam ó shiopaí, fheirmeacha srl.	-	-
ESF (Admhálacha, iarratas ioncaim)	-	-
Ilghnéitheach	10,560	40,684
Iomlán ioncaim	3,432,146	2,996,636
Iomlán an ghlanchaiteachais (49-59)	7,636,429	6,807,752

CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS CAIPITIÚIL

	Bliain go dtí 31/12/2010	Bliain go dtí 31/12/2009
Caiteachas*	€	€
Tionscadail (sonraigh):		
Forbairt an ospidéil nua	483,668	4,439,393
Trealamh (sonraigh):		
Trealamh cistine	-	-
Trealamh fisiteiripe agus ospidéil	-	-
Trealamh oifige & córas slándála	-	-
Feistí ilghnéitheacha – gineadóir	-	-
Deisiúcháin agus athchóiriú	-	-
Fuinneoga	-	-
Síleálacha	-	-
Eile (sonraigh):		
Iomlán an chaiteachais	(483,668)	(4,439,393)
Ioncam	-	-
Diúscartha fáistais / (caillteanas)	-	-
Fo-iomlán	-	-
Deontas Caipitil (FSS)	512,247	4,598,506
Iomlán ioncaim	512,247	4,598,506
Iarmhéid – (neamhchistithe) / neamhchaite	28,579	159,113
Iarmhéid / ón mbliain seo caite	577,481	418,368
Iarmhéid carnach – (neamhchistithe) / neamhchaite	606,060	577,481

* Ní mór go gcuimsíonn caiteachas éadálacha ó gach uile fhoinse ceistiúcháin seachas leithdháileadh neamhchaipitiúil

Ospidéal Ortaipéideach Ionchorpraithe na hÉireann
Ascaill an Chaisleán, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3

teileafón 01 833 2521 **facs** 01 833 3181 **suíomh gréasáin** www.ioh.ie

design by **drawinginc**